C/2025/2596

2.5.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11904 – MEIF 7 / BCI / RENEWI)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/2596)

1. An 22 Aibreán 2025, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Macquarie European Infrastructure Fund 7 SCSp ('MEIF7', Lucsamburg), faoi rialú Macquarie Group Limited ('Macquarie', an Astráil),

— British Columbia Investment Management Corporation ('BCI', Ceanada),

— Renewi plc ('Renewi', an Ríocht Aontaithe).

Gheobhaidh MEIF7 agus BCI rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Renewi ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin tairiscint phoiblí a fógraíodh an 13 Feabhra 2025.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is ciste infheistíochta é MEIF7 atá faoi rialú deiridh Macquarie. Is soláthraí domhanda seirbhísí baincéireachta, airgeadais, comhairleacha, infheistíochta agus bainistíochta cistí é Macquarie, a bhfuil saineolas suntasach aige i réimsí amhail bonneagar, fuinneamh agus teicneolaíocht,

— Is gníomhaire de chuid Rialtas British Columbia, Ceanada é BCI, a dhéanann infheistiú thar ceann chliaint san earnáil phoiblí ar fud raon aicmí sócmhainní, lena n-áirítear ioncam seasta, cothromas poiblí, cothromas príobháideach, bonneagar, foinsí fuinnimh in-athnuaite, eastát réadach agus morgáistí tráchtála,

— Is cuideachta 'dramhaíl go táirge' é Renewi a bhfuil gníomhaíochtaí ar bun aici sa Bheilg, sa Fhrainc, san Ísiltír agus sa Phortaingéil. Go háirithe, cuireann sé seirbhísí bailithe agus bainistithe dramhaíola ar fáil, chun an chuid is mó den dramhaíl a bhailítear a thiontú ina n-ábhair chiorclacha a dhíolann sé le custaiméirí ar fud na hEorpa ina dhiaidh sin.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11904 – MEIF 7 / BCI / RENEWI

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË